Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## GNÁTHLEIBHÉAL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

# *EACNAMAÍOCHT BHAILE –*
# *EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA*

# GNÁTHLEIBHÉAL

# Roinn A

**Freagair 10 gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**
**Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.**

**1.** **(a)** Liostaigh na **trí** dhúil a fhaightear i lipidí (saillte). **(6)**

(i) *Carbón,*

(ii) *Hidrigin*

(iii) *Ocsaigin*

**(b)** Tabhair sampla **amháin** de gach ceann de na lipidí (saillte) seo a leanas..

(i) **Ainmhíoch** - *feoil, im, uachtar, buíocán, cáis, bainne, sailltí feola etc.*

(ii) **Glasraí –** *olaí glasraí, ola olóige, gránaigh, pónaire shoighe, abhacád, margairín, Cnóite & ola phis talún etc.*

(iii) **Muirí** - *iasc olúil i.e.ronnach, breac, bradán, ola ae éisc, túna, sairdíní etc.*

**2.** Comhlánaigh an ráiteas seo a leanas maidir le díleá próitéine. Bain úsáid as na focail atá liostaithe thíos. **(6)**

***einsím paincréas cáiséin***

Sa bholg athraíonn an ***einsím*** reinin cáiséinigin ina ***cáiséin.***

Sa dúidéineam athraíonn an einsím tripsin ón ***bpaincréas*** peaptóin ina bpeiptídí.

**3.** Ainmnigh an **dá** aicme vitimíní agus luaigh sampla **amháin** as gach aicme. **(6)**

| **Aicme** | **Sampla** |
|---|---|
| *(i) Sailltuaslagtha* | *(i) A, D, E, K* |
| *(ii) Uiscethuaslagtha* | *(ii) Grúpa B agus C* |

**4.** **(a)** Mínigh an téarma '***Réim Chothrom Bia'.*** **(6)**

*Is éard atá i réim chothrom bia ná réim bia ina bhfuil na cothaithigh go léir sa choibhneas ceart do riachtanais an duine don dea-shláinte.*

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** threoirlíne maidir le hitheachán sláintiúil le haghaidh mná a bheadh ag iompar clainne.

(i) *Bíodh aigéad fólach/próitéin, cailciam agus vitimíní D ann/ méadaigh an t-iarann agus vitimíní C/ snáithíní/ aigéid shailleacha etc.*

*(ii) Seachain salann, uibheacha amha, cáis uachtair, pâté, piseanna talún, bianna fuaraithe cócaireáilte, alcól etc.*

5. **(a)** Ainmnigh **trí** mhodh dhifriúla próiseála a úsáidtear chun bainne a dhéanamh sábháilte le hól. **(6)**

(i) *paistéaradh*

(ii) *amraidiú/cóireáil ultraitheas/ galaithe/ comhdhlúite*

(iii) *díhiodráitithe*

**(b)** Abair cad é an buntáiste don tomhaltóir é saothráin bhaictéar, ar nós acidophilus, a chur le bith-iógart.

*Cuidíonn sé leis an díleá*

6. **(a)** Ainmnigh **dhá** phríomhbhia a easpórtáiltear as Éirinn agus **dhá** phríomhbhia a iompórtáiltear go hÉirinn. **(6)**

| **Bianna a Easpórtáiltear** | **Bianna a Iompórtáiltear** |
|---|---|
| (i) *mairteoil/ táirgí déiríochta/ éanlaith chlóis/ deochanna/ muirshaothrú etc.* | (i) *torthaí/ glasraí/ luibheanna/ tae/ caifé/ fíonta / pasta tirim etc.* |
| (ii) *muiceoil/ uaineoil/ iasc/ prátaí, bianna ullmhaithe, gairneoireacht inite etc.* | (ii) *cáiseanna/ táirgí feola, anlainn/ síoróipí etc.* |

**(b)** Luaigh feidhm **amháin** de chuid an Achta um Rialacháin Sláinte Bia (1950-89).

*Chun díol bia atá galraithe nó neamhoiriúnach mar bhia don duine a chosc/ chun a chinntiú go bhfuil áitribh bhia slán agus sláinteach/ chun a chinntiú go leanann láimhseálaithe bia rialacha sláinteacha /bia neamhoiriúnach a ghabháil agus a mhilleadh/ ní mór catagóirí éagsúla de ghnó an bhia a chlárú leis an HSE áitiúil sa cheantar/ ceadúnú bliantúil cineálacha áirithe stainníní bia etc.*

7. **(a)** Mínigh an téarma ***'foirtil'*** maidir le próiseáil bia. **(6)**

*Bianna a bhfuil cothaithigh curtha leo a thugann leibhéil na gcothaitheach atá iontu os cionn an leibhéil a bhíonn sa bhia ar an ngnáthbhealach etc.*

**(b)** Ainmnigh **dhá** bhia fhoirtile.

(i) *Bainne, gránaigh bricfeasta, súnna torthaí etc.*
(ii) *Plúr, arán, brioscaí, leatháin déiríochta etc.*

**8.** Luaigh **trí** threoirlíne ba chóir a leanúint nuair a bhítear ag ullmhú agus / nó ag cócaráil torthaí chun oiread cothaitheach agus is féidir a choinneáil. **(6)**

(i) *scian ghéar a úsáid, iad a ullmhú díreach sula gcócaráiltear iad, an craiceann a fhágáil orthu nó iad a scamhadh go tanaí.*

(ii) *ná déan ró-chócaráil, úsáid méid bheag uisce, déan iad a chócaráil don íosmhéid ama.*

(iii) *clúdaigh na sáspain le linn cócarála, coinnigh an t-uisce le haghaidh anlann, seachain pannaí cócarála copair chun cailliúint Vitimín C a chosc etc.*

**9.** **(a)** Ainmnigh **dhá** fhoinse fuinnimh in-athnuaite agus **dhá** fhoinse fuinnimh neamhinathnuaite. **(6)**

| **Foinsí in-athnuaite** | **Foinsí neamh-inathnuaite** |
|---|---|
| (i) *cumhacht na gaoithe/ grianchumhacht* | (i) *breosla iontaise/ gual, gás, antraicít* |
| (ii) *cumhacht bhithmhaise/ hidreachumhacht/ fuinneamh geoiteirmeach/ cumhacht na taoide agus cumhacht na toinne etc.* | (ii) *ola, móin/ cóc, etc* |

**(b)** Luaigh conas ba chóir don tomhaltóir fearais leictreacha a chur de láimh.

*Tabhair seanchuisneoirí agus reoiteoirí go lárionaid Beir Chuige le diúscairt cheart a dhéanamh orthu, tabhair fearais ar ais chuig an siopa leictreach, faigh réidh leis na páirteanna géara/dainséaracha roimh a ndiúscairt, bain leas as seirbhís WEEE etc.*

**10.** **(a)** Luaigh **dhá** chineál creidmheasa. **(6)**

*(i) rótharraingt, iasacht théarmach, fruilcheannach, cártaí creidmheasa, iasachtóirí airgid*
*(ii) cártaí muirir, cuntais bhuiséid, cártaí siopa, geallearbóirí etc.*

**(b)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le húsáid creidmheasa.

**Buntáiste –** *is cabhair iad chun costais éigeandálí gan choinne a íoc, teacht láithreach ar earraí, ní gá airgead tirim a iompar, tugann siad deis earraí costasacha nach bhféadfaí íoc astu murach iad a cheannach, is féidir tairbhe a bhaint as sladmhargaí, cuidíonn siad leis an ngeilleagar etc.*

**Míbhuntáiste –** *spreagann siad tob-cheannach, is cathú iad chun an iomarca airgid a chaitheamh, d'fhéadfadh nach mbeadh iasachtaithe in ann leanacht ar aghaidh leis na haisíocaíochtaí, rátaí arda úis, daoine eile ag teacht ar mhionsonraithe do chárta creidmheasa – calaois, méadaíonn luach earraí mar gheall ar an ús, athshealbhú earraí etc.*

**11**. Ainmnigh **trí** chineál dhifriúla árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó thomhaltóir. **(6)**

(i) *árachas sláinte,*

(ii) *árachas tí, árachas inneachair, árachas fóin phóca, árachas dliteanais phoiblí, árachas gach cineál riosca, cosaint tuarastail/ioncaim, ÁSPC*

(iii) *árachas gluaisteáin, árachas saoire etc.*

**12. (a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn fearais bheaga leictreacha á roghnú le haghaidh an tí. **(6)**

(i) *roghnaigh branda aitheanta iontaofa, costas an fhearais, seachadadh, ráthaíocht, spas ar fáil, éasca le glanadh etc.*

(ii) *costais reatha, méid an teaghlaigh, dea-dheartha, éasca le cur le chéile agus le hoibriú, seirbhís iardhíola etc.*

**(b)** Mínigh an marc cáilíochta seo a d'fhéadfaí a fheiceáil ar lipéad ar fhearas beag leictreach.

*Bronnann Cumann Rialaithe Cáilíochta na hÉireann an marc ar tháirgí agus ar sheirbhísí ardchaighdeáin mar a leagtar síos i ISO 9000, (na caighdeáin cháilíochta idirnáisiúnta). Is féidir an marc a aistarraingt má bhíonn ísliú ar chaighdeáin nuair a dhéantar iniúchadh.*

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil le Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1. Taispeánann an tábla thíos an cion iarainn, in aghaidh an mheánriar, i réimse de bhianna difriúla.**

| Bia | Cion iarainn (mg) |
|---|---|
| **Ao Lao** | 12.2 mg |
| **Putóg Dhubh** | 9.2 mg |
| **Mairteoil Mhionaithe** | 3.1 mg |
| **Sairdíní** | 2.9 mg |
| **Babhla de Chalóga Arbhair** | 2.0 mg |
| **Pónairí Bácáilte** | 1.9 mg |
| **Prúnaí** | 1.6 mg |
| **Spionáiste** | 1.4 mg |
| **Brocailí** | 0.9 mg |
| **1 Ubh amháin** | 1.1 mg |

**(a)** Luaigh: (i) **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh iarann in réim bia laethúil déagóra;
(ii) drochiarmhairt **amháin** a bhíonn ar réim bia atá easnamhach ó thaobh iarainn de. **(15)**

***2 chúis @ 5 mharc an ceann***
***1 drochiarmhairt amháin @ 5 mharc***

Cúiseanna **–** *iompar ocsaigine thart timpeall ar an gcorp, foirmiú haemaglóibine sna fuilchealla dearga, gníomhaíocht einsíme, aistriú leictreon, bainteach le táirgeadh mióglóibine a iompraíonn ocsaigin chuig na matáin etc.*

Drochiarmhairt **-** *ainéime, tuirse, mílítheachas, easpa anála, tuirse go héasca ar na matáin etc.*

**(b)** Ainmnigh cothaitheach **amháin** a chabhraíonn le hionsú iarainn sa chorp. **(5)**

**1 cothaitheach amháin @ 5 mharc**

*vitimin C (aigéad ascorbach)*

**(c)** Is é an chiondáil mholta chothúcháin (RDA) den iarann le haghaidh déagóra ná 14 mg. Agus tú ag úsáid an eolais sa tábla thuas, ullmhaigh sraith biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile) le haghaidh déagóra a sholáthróidh a dhóthain iarainn.
(Is féidir bianna eile a chur leo.) **(20)**

***3 bhiachlár : bricfeasta, lón & dinnéar @ 6 mharc an ceann***
***An cion iarainn = 2***

***Biachláir Shamplacha***

| *Bricfeasta* | *Lón* | *Dinnéar* |
|---|---|---|
| *Prúnaí Stofa*<br>*Babhla de Chalóga Arbhair*<br>*Putóg Dhubh Ghriollta & Ubh Scallta*<br>*Arán Donn*<br>*Bainne/Uisce* | *Ao & Bagún Bácáilte*<br>*Pónairí Bácáilte*<br>*Petit Pain Donn*<br>*Gloine Sú Oráiste* | *Anraith Brocailí*<br>*Cnapógaí Feola in Anlann Trátaí*<br>*Spaigití*<br>*Spionáiste Galaithe*<br>*Prátaí Galaithe*<br>*Neadacha Aibreoige*<br>*Caife Bán* |

**(d)** Abair conas a chuireann na biachláir atá ullmhaithe agat iad seo san áireamh:

- treoirlínte le haghaidh an itheacháin shláintiúil
- riachtanais chothaitheacha déagóra.

***4 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(20)**
*(tagairt amháin do gach ceann móide 2 cheann eile)*

- treoirlínte le haghaidh an itheacháin shláintiúil: *saill sháithithe laghdaithe, salann íseal, níos lú siúcra, ceithre sciar torthaí agus glasraí, nó níos mó, san áireamh leis na snáithíní a mhéadú, réim chothrom de réir na pirimide bia etc.*
- riachtanais chothaitheacha déagóra - *méadú ar bhianna ar mhórán iarainn, bianna atá ard i gcarbaihiodráití ar mhaithe le fuinneamh, bianna próitéine don fhás agus don deisiúchán, cailciam do na cnámha agus do na fiacla etc.*

**(e)** Pléigh conas mar a bhíonn tionchar ag na tosca seo a leanas ar phleanáil agus ar bhainistiú béilí teaghlaigh:

***4 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(20)**
*(tagairt amháin do gach ceannteideal)*

- an t-airgead atá ar fáil

*e.g. ní mór béilí a ullmhú laistigh de bhuiséad, bíonn bianna níos saoire chomh blasta agus chomh cothaitheach céanna, féadann siopadóireacht i margaí glasraí/bia cáilíocht níos fearr a chur ar fáil ar phraghsanna níos ísle, féadann bianna áise a bheith níos daoire, ceannaigh bianna a bhíonn i séasúr, bain leas as fíor-lascainí, ceannaigh a bhfuil ar an liosta siopadóireachta agus sin amháin, seiceáil an dáta ar an lipéad, fás do chuid torthaí, glasraí, luibheanna féin etc.*

- trealamh

*e.g. is féidir am a shábháil le trealamh ullmhúcháin bia, roghnaigh bia a oireann don trealamh atá ar fáil, is féidir le próiseálaí bia, cóicearán micreathoinne, brú-bhruthaire am a sparáil, tú ag brath ar an spás atá ar fáil, mionárasán, etc.*

- eolas agus scileanna

*e.g. beidh tionchar ag cumas agus scileanna an chócaire ar an mbia a chócaráiltear, d'fhéadfadh cócaire oilte muiníneach tabhairt faoi bhianna éagsúla san áit a mbeadh cócaire neamhoilte ag brath ar bhianna áise, an cineál ocáide, líon na n-aíonna, cothromaíocht fhoriomlán bianna éadroime agus saibhre, sláinteachas pearsanta/ bia etc.*

- gnéithe den réim bia a bhíonn le cur san áireamh.

*e.g. d'fhéadfadh go mbeadh mionathruithe ag teastáil do chéiliaigh – gan glútan, lachtveigeatóir – gan feoil, diaibéiteach – gan siúcra, colaistéaról ard – gan aon saill sháithithe, riachtanais chothaithe d'aoisghrúpaí i.e. beidh difríochtaí móra idir riachtanais chothaithe an pháiste óig i gcomparáid le duine scothaosta, laghdaigh salann agus siúcra, méadaigh na snáithíní, cuir an tráth den bhliain san áireamh, cúinsí pearsanta, e.g. cultúr, reiligiún, cineál etc.*

**2.** **'Taispeánann staidéir go bhfuilimid ag ithe níos mó bia ná riamh lasmuigh den bhaile agus go méadófar ar an treocht seo sa todhchaí. I staidéar a rinne Fondúireacht Chroí na hÉireann fuarthas amach i gcás 72% de na daoine a ndearnadh suirbhé orthu go gcaitheann siad béile as baile uair amháin in aghaidh na seachtaine ar a laghad, agus deir 32% díobh go gcaitheann siad béile as baile cúpla uair in aghaidh na seachtaine.'**

(Consumer Choice, January 2003).

**(a)** Trácht ar an ráiteas thuas **agus** mínigh a bhfuil i gceist le ***'bia a ithe lasmuigh den bhaile'.*** **(10)**

***an trácht = 5 mharc***
***an míniú = 5 mharc***

*e.g. tá daoine ag ithe lasmuigh den bhaile nios minicí toisc go bhfuil níos mó airgid acu, rogha níos mó, níos lú ama acu bia a ullmhú sa bhaile, easpa scileanna cócaireachta etc.*

**'bia a ithe lasmuigh den bhaile'** *ag ithe i mbialanna, caifí, óstáin, ag breith bia amach as siopaí sceallaire, delicatessen, tuilleadh bia ar fáil sna tithe tábhairne, i gceaintíní etc.*

**(b)** Déan cur síos ar **<u>thrí</u>** ní is cúis le galar corónach croí. **(12)**

***3 chúis @ 4 mharc an ceann***

*e.g. drochréim bia, caitheamh tobac, easpa aclaíochta, neartú colaistéaróil, oidhreacht, barraíocht alcóil, strus, brú fola ard, aois, inscne, etc.*

**(c)** Liostaigh **<u>ceithre</u>** threoirlíne maidir leis an réim bia ar chóir do dhuine a bhfuil galar corónach croí air/uirthi cloí leo. **(16)**

***4 threoirlíne @ 4 mharc an ceann***

*e.g. laghdaigh iontógáil saillteacha ainmhíocha/sáithithe e.g. im, uibheacha, feoil dhearg etc., méadaigh iontógáil éisc shailligh agus sicín, úsáid saillteacha/ola monai-neamhsháithithe agus polai-neamhsháithithe, méadaigh iontógáil snáithíní, laghdaigh carbaihiodráití mínphróiseáilte e.g. cácaí, cístí milse, laghdaigh iontógáil salainn, úsáid táirgí atá íseal ó thaobh colaistéaróil, méadaigh iontógáil torthaí agus glasraí, úsáid caife meandrach nó scagtha, seachain alcól etc.*

**(d)** Cuir sraith de **cheithre** ghnáthamh le chéile ar chóir do bhainisteoir bialainne iad a chur i bhfeidhm chun caighdeán ard sábháilteachta agus sláinteachais bia a chinntiú. **(12)**

***4 phointe @ 3 mharc an ceann***

*e.g.ba chóir do gach duine a láimhseálann bia e.g. príomhchócairí, etc a lámha a ní roimh bia a láimhseáil, ba chóir na hingne a bheith gearr, seachain casachtach in aice le bia, clúdaigh gearrthacha, ba chóir an ghruaig a cheangal siar, ba chóir go mbeadh trealamh an-ghlan go deo, níor chóir ligean do pheataí/ainmhithe bheith ar an láthair, ba chóir go mbeadh soilsiú maith ann, aeráil, soláthar uisce glan, an córas HACCP a bheith i bhfeidhm, dea-bhainistiú dramhaíola etc.*

**3. 'Pleananna ag an Rialtas chun tithíocht inacmhainne a chur ar fáil'**
(Irish Times 2006).

**(a)** Tabhair cuntas ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an gcineál tithíochta a roghnaíonn duine. Bíodh tagairt agat dóibh seo:
(i) tosca sóisialta
(ii) tosca eacnamaíocha
(iii) tithíocht a bheith ar fáil.

***5 thoisc @ 6 mharc an ceann*** **(30)**
*(tagairt amháin do gach ceann móide 2 cheann eile)*

(i) tosca sóisialta **–** *méid an teaghlaigh, aoiseanna na bpáistí, riachtanais speisialta an teaghlaigh, míchumais roghanna pearsanta e.g. an gáirdín, beidh gá le spás 'oifige' le bheith ag obair ón mbaile, an láthair, áiseana etc.*
(ii) tosca eacnamaíocha **-** *costas an tí - tuilleamh/ioncam, costas árachais, socruithe i.e. morgáiste, costas troscáin agus fearais, cothabháil, muirir sheirbhíse, costais dlí, luach an tí chun é a dhíol amach anseo, dleacht stampa, síntí, teach scoite, leathscoite nó sraithe, etc.*
(iii) tithíocht a bheith ar fáil **-** *éileamh, príobháideach nó poiblí, teach v árasán, uirbeach nó faoin tuath, tithíocht shóisialta, cóiríocht ar cíos, etc.*

**(b)** Déan cur síos ar scéim taisce **amháin** a mholfá do dhuine óg atá ag cur airgid i dtaisce. Bíodh tagairt agat do **cheithre** cinn díobh seo a leanas:
(i) ainm na hinstitiúide
(iii) riosca
(iv) éascaíocht aistarraingthe airgid
(v) ús iníoctha.

***4 phointe @ 5 mharc an ceann*** **(20)**

(i) ainm na hinstitiúide **-** *Banc AIB, Banc na hÉireann (BOI), An Comhar Creidmheasa, An Post, First Active, NIB, Banc Uladh, Permanent TSB, etc.*

(ii) cineál cuntais **-** Bainc: *cuntas taisce – ar éileamh/fógra, téarma seasta, sábháil ar líne etc. Cumainn Foirgníochta – ar éileamh, fógra seasta, téarma seasta etc. An Post- cuntas taisce plus, cairteacha coigiltis, bannaí coigiltis, scéim thráthchoigiltí etc. An Comhar Creidmheasa – cuntas taisce etc.*

(iii) riosca **-** *An Post – Státurraithe: níl bainc, cumainn fhoirgníochta ráthaithe 100%: tá clúdach árachais ag comhair chreidmheasa agus ní cheadmhach dóibh níos mó a thabhairt ar iasacht ná a sócmhainní féin etc.*

(iv) éascaíocht aistarraingthe airgid **-** *Bainc: ATM 24 uair a chloig, ar oscailt 10.00am – 4.00pm, aistarraingt in aon bhrainse, is féidir aistarraingt anois tríd An Post chomh maith, is gá fógra a thabhairt chun airgead a aistarraingt as cuntais áirithe etc. Cumainn Fhoirgníochta: ATM 24 uair a chloig, ar oscailt 10.00am – 5.00pm, is féidir airgead a aistarraingt in aon bhrainse, gá le fógra chun airgead a aistarraingt as cuntais áirithe etc.*
*An Comhar Creidmheasa: ar oscailt 10.00am – 5.00pm, braitheann oscailt go déanach ar shocruithe sa bhrainse áitiúil, d'fhéadfadh go mbeadh sé oscailte leath lae ar an Satharn, ATM 24 uair a chloig, ní féidir aistarraingt a dhéanamh ach sa bhrainse den chomhar creidmheasa ina bhfuil do chuntas féin etc.*

(v) ús iníoctha **-** *braitheann sé seo ar an gcineál cuntais: ní mór DIRT a íoc ar chuntais áirithe, íocann an comhar creidmheasa díbhinn bhliantúil bunaithe ar na scaranna atá ag duine agus feidhmíocht an bhrainse.*

**4. Agus iad ar thuras siopadóireachta cheannaigh Tomás ceamara nua agus dhá T-léine, cheannaigh Cáit dhá bharréide cadáis don samhradh, geansaí olla agus jíons deinim. Nuair a tháinig siad abhaile fuair Tomás amach nach raibh an ceamara ag oibriú. Ní raibh Cáit róshásta leis an dath a bhí ar an jíons. Bheartaigh siad araon ar dhul ar ais an tseachtain dár gcionn leis an gceamara agus leis an jíons agus a gcuid airgid a éileamh.**

(a) Mar thomhaltóirí, cad iad na cearta atá ag Tomás agus Cáit maidir le haisíoc a fháil ar an gceamara agus ar an jíons? **(14)**

***2 phointe @ 7 marc an ceann***

*Tá ceart ag Tom aisíoc, earra in ionad nó deisiúchán a fháil má bhíonn admháil aige Níl aon cheart ag Kate ar aisíoc ach d'fhéadfadh an siopa, ar mhaithe le cáilmheas, aisíoc a thabhairt di nó dath eile a thairiscint di etc.*

(b) Liostaigh **trí** fhreagracht atá ar Thomás agus ar Cháit mar thomhaltóirí. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g. a bheith ar an eolas faoi earraí agus seirbhísí, roghanna, luach ar airgead, lipéid a léamh agus a thuiscint, an táirge a úsáid mar atá beartaithe dó, oiliúint a chur orthu féin maidir le dlíthe tomhaltóra, tuiscint a bheith acu ar an gcothromaíocht idir praghas agus caighdeán, a gcearta mar thomhaltóirí a bheith ar eolas acu, eolas cruinn, sábháilteacht etc.*

(c) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc ba chóir do Cháit a chur san áireamh nuair a bhíonn cúram á dhéanamh aici den gheansaí olla. **(12)**

***3 thoisc @ 4 mharc an ceann***

*e.g. léigh na treoracha maidir le cúram, súnn olann nuair a bhíonn sí fliuch 30% dá meáchan , fágann sé sin go mbíonn sí níos laige agus go gcaitear an geansaí a chur ar ais ina sheanchruth sula dtriomaítear é ar an leibhéal, nigh ag teocht íseal, suaitheadh réidh, an níochán is ísle, ná húsáid tuarthóir, iarnáil le hiarann fionnuar, is féidir tirimghlanadh a dhéanamh air, stóráil agus é fillte go cothrom etc.*

(d) Déan sceitse den lipéad cúraim a cheapfá a bheadh ar jíons deinim. **(12)**

***3 shiombail @ 4 mharc an ceann***

*Siombailí do: níochán le meaisín, teocht don níochán, oiriúnach do thuarthóir, triomú, e.g. leibhéal, ar line; teocht don iarnáil, triomú rothlamach, tirimghlanadh etc.*

**5. 'Tá an pósadh ar cheann de na hinstitiúidí is seanda dá bhfuil ann ach – murab ionann agus gnáth-thuairim an phobail – is amhlaidh atá an colscaradh de chineál amháin nó de chineál eile.'**

*(An Dr Linda Connolly, Léachtóir Sinsearach leis an tSocheolaíocht, COC)*

(a) Pléigh (i) cearta agus (ii) freagrachtaí lánúine laistigh den phósadh. **(24)**

***4 cheart agus/ nó freagrachtaí @ 6 mharc an ceann***

*e.g. ceart agus freagracht cónaí le chéile, chun an pósadh a chur i gcrích, ceart ar thacaíocht airgeadais, chun a bheith ina gcomh-chaomhnóirí ar na páistí, chun eastát a fháil le huacht ar bhás an pháirtí, aire a thabhairt don pháirtí i gcás breoiteachta, a bheith dílis dá chéile, an ceart a bheith acu ar chomhluadar a chéile, cosaint ón Stát (An tAcht um Fhiréigean Baile, 1996) má imríonn páirtí droch-íde, áras an teaghlaigh a choinneáil gan duine de na céilí in ann é á dhíol (an tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 etc.)*

(b) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí atá ann do lánúin óg a fhreastalaíonn ar chúrsa réamhphósta. **(16)**

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g. spreagann sé oscailteacht agus cumarsáid, cuireann sé fóram ar fáil chun ionchais i saol an phósta a phlé, tugann sé comhairle phraiticiúil do lánúineacha maidir le tithíocht, cúrsaí airgeadais, tuistiú, pleanáil chlainne, ionchais rólanna, déantar anailís agus plé ar cháilíochtaí a chuireann le dea-chaidreamh e.g. macántacht, agus a oibríonn ina aghaidh e.g. éad, tugann sé na scileanna do lánúineacha fadhbanna a aithint e.g. fadhb alcóil etc.*

(c) Mínigh conas a chabhraíonn an ***tSeirbhís um Idirghabháil Teaghlaigh*** le lánúineacha a bhfuil deacrachtaí sa saol pósta acu. **(10)**

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*e.g. cuidíonn sí le lánúineacha atá tar éis aontú go scarfaidh siad nó go gcolscarfaidh siad, cuidíonn sí le lánúineacha idirbheartaíocht a dhéanamh faoina gcomhaontú féin maidir le socruithe caomhnóireachta, cuidiú le tuistiú, cúrsaí airgeadais, na saincheisteanna a bhaineann le háras an teaghlaigh agus le réadmhaoin, tugann sí deis fáil a bheith ar idirghabhálaí pósta, spreagann sí cumarsáid, seachnaíonn sí na páistí a tharraingt isteach in easaontais, cuidíonn sí le lánúin glacadh leis go bhfuil scaradh ag tarlú, cuidíonn sí chun an choimhlint idir páirtithe a laghdú etc.*

## Roinn C

**Freagair ceist amháin as an roinn seo.**
**Iarrthóirí a chuir isteach obair chúrsa i dTeicstílí, Faisean agus Dearadh le haghaidh** a scrúdaithe, is í Ceist 2 amháin as an roinn seo a gceadaítear dóibh tabhairt fúithi.


## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1 (a) agus 1 (b) nó 1 (c) a fhreagairt.

**1. (a) Tá beirt chlainne ar Shiobhán agus Seosamh, buachaill ocht mbliana d'aois agus cailín deich mbliana d'aois. Cheannaigh siad teach ar athláimh le déanaí i lár na cathrach. Sa teach tá:**

- **cistin ghaille/dorchla ar an seandéanamh agus urlár suiminte inti**
- **fuinneoga aonghloinithe**
- **osclaíonn an cúldoras díreach amach sa ghairdín.**

**Taispeánann on léaráid plean den chistin ghaille / dorchla.**



(i) Déan an chistin a mheas faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

- oiriúnacht ghinearálta le úsáid ag an teaghlach **(24)**

***dhá phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g. í fada caol gan spás do bhord do bhéilí an teaghlaigh, plódú – ón gcócaireán go dtí an doitreal, níl gloiniú singil chomh slán le gloiniú dúbailte (mar chosaint ar dhaoine ag briseadh isteach) etc.*

- sábháilteacht - ***dhá phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g. é dáinséarach ag iompar potaí inti mar gheall ar an sruth tráchta, daoine sa teaghlach ag tabhairt isteach salachair agus uisce rud a fhágann an t-urlár sleamhan, níl aon chochall cócaireáin ann, rud a chruthaíonn comhdhlúthú ar bhallaí etc.*

- insliú - ***dhá phointe @ 4 mharc an ceann***

e.g. *teas á chailliúint tríd an bhfuinneog a bhfuil gloiniú singil inti, an gloiniú sa doras agus gach uair a n-osclaítear an doras cúil, etc.*

(ii) Sainaithin **ceithre** áis / sheirbhís áitiúla is dóigh leat a bheith riachtanach don teaghlach seo agus luaigh cúis amháin ar dóigh leat go bhfuil gach áis / seirbhís díobh tábhachtach. **(16)**

***4 áis /sheirbhís @ 4 mharc an ceann***

*e.g. scoileanna, séipéal, siopaí, clinicí, ionaid phobail, seirbhís iompair, ceantair ghlasa agus súgartha, soilsiú sráide, bailiú brúscair, rochtain ar fhostaíocht etc.*

(iii) Maidir le tógáil tithe, mínigh cead pleanála. **(10)**

***dhá phointe @ 5 mharc an ceann***

*Dhá chineál - imlíne agus iomlán, ní mór cead pleanála iomlán a fháil sula gcuirtear tús leis an tógáil, an fhoirm chomhlánaithe a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil agus pleananna don fhoirgneamh, mapa den láthair agus táille do phróiseáil an iarratais leis, caithfear fógra a chur ar an láthair nó é a fhoilsiú i nuachtán, cuirtear an t-iarratas ar an gclár pleanála in oifig an údaráis le gur féidir iniúchadh poiblí a dhéanamh air, caithfear é a thaisceadh 2 sheachtain tar éis fhoilsiú an fhógra, tógann sé 12 seachtain, ní féidir tús a chur le haon obair ar an bhfoirgneamh go mbeidh cead pleanála iomlán deonaithe, bíonn sé bailí go ceann cúig bliana etc.*

**agus**

**1.(b) Tá an dath ar cheann de na slite is fusa chun do stíl féin a chruthú nuair a bhíonn tú ag athchóiriú seomra.**

(i) Tabhair cuntas ar na tosca ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn dath á roghnú le haghaidh seomra suite i dteach teaghlaigh. **(18)**

***3 thoisc @ 6 mharc an ceann***

*e.g úsáid an tseomra, méid an tseomra, treoíocht an tseomra, solas nádúrtha sa seomra, scéim iomlán na ndathanna sa teach, is féidir le dath béim a chur ar ghnéithe tarraingteacha agus gnéithe nach bhfuil tarraingteach a cheilt, cruthaíonn pastail atmaisféar suaimhneach, caitheann dathanna geala an solas amach, déanann dathanna dorcha seomra níos lú agus níos teolaí, dathanna teolaí ar sheomraí a bhreathnaíonn ó thuaidh, cuireann síleálacha meathbhána cuma níos airde ar sheomraí etc.*

(ii) Mol **dhá** chineál bogthroscáin a chuirfeadh le cruth seomra suite. Tabhair cúiseanna le do rogha. **(12)**

***2 chineál @ 3 mharc***
***2 chúis @ 3 mharc***

Cineálacha – c*uirtíní, scaipchúisíní, rugaí, málaí suí, súisteoga, fallaingí etc.*
Cúiseanna – *cuireann siad le huigeacht, dath, compord, cruthaíonn siad leithead e.g. cuirtíní, sraith chruthanna agus méideanna, dallóga úsáideach d'fhuinneoga Velux etc.*

**nó**

**1. (c) Cuirtear billí leictreachais agus gáis nádúrtha amach go tréimhsiúil chuig gach teaghlach. Léitear méadar chun na billí sin a ríomh.**

(i) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas maidir le billí leictreachais / gáis nádúrtha: **(14)**

***2 phointe @ 7 marc an cean***

- costas seasta

*clúdaíonn sé an costas a bhaineann le cothabháil an chórais – léamh na méadar agus eisiúint billí, bíonn an muirear le híoc cibé cé mhéad leictreachais a úsáidtear, é níos airde i gceantair thuaithe ná i gceantair uirbeacha, gearrtar CBL (VAT) ar an mbille etc.*

- táille aonaid/aonaid ghinearálta

*déantar an méid leictreachais a úsáideann an líon tí a thaifeadadh in aonaid. Aonad amháin = 1,000 vat leictreachais a úsáidtear do 1kwh, athróidh an bille de réir lion na n-aonad a úsáideadh etc.*

- dualgas seirbhíse poiblí (DSP)(PSO i mBéarla)

*tobhach le costas ceannach fhoinsí áirithe leictreachais ag BSL a chlúdach, e.g. ó stáisiúin ghiniúna a úsáideann foinsí inathnuaite fuinnimh etc.*

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** threoirlíne le haghaidh úsáid shábháilte gáis sa teach. **(16)**

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***


*ba chóir seirbhísiú rialta a dhéanamh ar an gcoire chun astuithe aonoscaíde carbóin a chosc, ba chóir seirbhísiú a dhéanamh go minic ar fhearais, ní mór múchán cothromaíochta a shuiteáil le gach fearas gáis, ná cuir cócaireáin áit a bhfuil séideadh, cas na cnapaí go léir agus an phríomhlíne as nuair nach mbíonn siad in úsáid, etc. Má fhaigheann duine boladh gáis – cas as na fearais go léir, oscail na fuinneoga, ná cuir solas ar siúl, glaoigh ar an uimhir éigeandála etc.*

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2 (a) agus 2 (b) nó 2 (c) a fhreagairt.**

**2.(a) Is gníomhaíocht fóillíochta í an tsiúlóid a chleachtann mórán daoine agus bíonn gá acu le soláthar oiriúnach éadaí.**

*Bríste Cargo Aonghnéasach atá Éasca le Fuáil / Bríste Sciota*



(i) Déan sceitse de bharréide atá oiriúnach le caitheamh leis an mbríste cargo / mbríste sciota, agus déan cur síos air. **(10)**

***sceitse = 6 mharc***

***cur síos = 4 mharc***

*ba chóir do sceitse na culaithe mionsonraí an dearaidh agus na ngnéithe a léiriú, ba chóir go mbeadh lipéadú soiléir déanta air etc.,féadfaidh an cur síos mionsonraí na fabraice a thabhairt, airíonna na fabraice, dath, gnéithe dearaidh, an líne, an chruth, coibhneas/cothromaíocht, an teacht le chéile etc.*

(ii) Déan an feisteas a mheas maidir leo seo:

- oiriúnacht dá fheidhm
- compord nuair a bhítear á chaitheamh
- cruth ginearálta. **(9)**

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

- oiriúnacht dá fheidhm: *e.g. an fhabraic oiriúnach d'aimsir the/fhionnuar, é inghlactha don ócáid ar a gcaithfear é, modhúlacht, cultúr etc.*
- compord nuair a bhítear á chaitheamh: e.g. *d'aimsir the/fhionnuar – ba chóir don fhabraic a bheith oscailte agus éadrom le galú allais a cheadú, uiscedhíonach don chaitheamh lasmuigh, éadrom etc.*
- cruth ginearálta *e.g. dath, dearadh, taitneamhacht, nua-aimseartha ach neamhfhoirmiúil etc.*

(iii) Mol fabraic **amháin** atá oiriúnach don bhríste/bhríste sciota seo agus tabhair cúiseanna le do rogha. **(6)**

***an t-ainm = 2 mharc***

***cúiseanna 2 @ 2 mharc = 4 mharc***

*Cadás – láidir, ionsúiteach, níonn go maith, fionnuar, tarraingíonn teas ón té a chaitheann etc.*

**agus**

**2. (b)** (i) Scríobh próifíl d'fhabraic shintéiseach/shaorga faoi na ceannteidil seo a leanas: **(10)**

- táirgeadh snáithín

***3 phointe @ 2 mharc an ceann***

*e.g. níolón: measctar dhá cheimiceán (monaiméirí) sa Choibhneas 1:1 agus téitear iad, slabhra fada polaiméireach á chruthú, ritear an snáithín ar aghaidh ar roth imrothlach uisce fhuaraithe a fhuaraíonn an ribín de réir mar a tharraingítear trí dhabhach uisce fuar é áit a sholadaíonn sé. Gearrtar an filiméad ribíneach ina sliseanna le meaisín, triomaítear an t-uisce agus leáitear na sliseanna agus easbhrúitear iad ó pholl beag, ar dhul i dteagmháil le haer fuar dóibh soladaíonn siad ina snáth níolóine atá réidh le sníomh.*

- airíonna

***2 airí @ 2 mharc an ceann***

*láidir, éadrom, roc-obach, ní thagann fad leis nó ní chrapann sé tar éis níocháin, éasca le níochán, triomaíonn sé go tapa, éasca le ruaim a chur air etc.*

(ii) Ainmnigh teicníc dhéanta fabraice. **(5)**

***an t-ainm = 2 mharc,***

***teicníc a dhéanta 3 mharc***

*e.g. fíodóireacht – déanta ar sheol, síntear línte snátha ar a dtugtar dlúth ó bharr an tseoil anuas ar an seol agus cuirtear an dara snáth, ar a dtugtar inneach, os cionn agus faoi na dlúithe ó thaobh amháin go dtí an taobh eile, de réir mar a thagann na snátha innigh síos na ciumhaiseanna amuigh foirmítear ciumhais ar leith a chuireann cosc ar roisteach etc.*

**nó**

**2. (c)** (i) Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma **'ceannródaithe (i gcúrsaí faisin)**agus tabhair sampla **amháin**. **(6)**

***míniú = 4 mharc,***

***sampla = 2 mharc***

*Daoine a bhfuil cumhacht agus tionchar acu e.g. daoine mór le rá sa saol poiblí, popréalta, amhránaithe etc.*
*James Dean –jíons Levi, T-léine ban agus seaicéad leathair dhubh,*
*Jackie Kennedy – culaith 2 phíosa A-líne, hata pill box, Spice Girls, An Banphrionsa Diana, Madonna, Britney Spears etc.*

(ii) Tabhair cuntas gairid ar **thrí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar athruithe i gcúrsaí faisin. **(9)**

***3 thoisc @ 3 mharc an ceann***

- *irisí faisin e.g. Vogue –is maith le daoine cóipeáil a dhéanamh ar an rud a léann siad etc.,*
- *nuachtáin –bíonn trácht de shíor ar dhaoine atá i mbéal an phobail agus bíonn tionchar acu ar fhaisean dá réir e.g. grianghraif de Victoria Beckham, etc.*
- *An teilifís agus na scannáin–tríd an bhfógraíocht agus na héadaí a chaitheann daoine a bhíonn le feiceáil orthu, etc.,*
- *Lucht dearrtha faisin, an eacnamaíocht etc.*

## Ábhar Roghnach 3- Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3 (a) agus 3 (b) nó 3 (c) a fhreagairt.**

**3. (a)** **'Tháinig méadú géar ar rannpháirtíocht na mban i líon an lucht oibre … thit céatadán na mban a d'fhan sa bhaile ó 54% sa bhliain 1981 go 21% an bhliain seo caite.'** (POS 2007)

(i) Pléigh **trí** chúis a bhfuil breis teaghlach in Éirinn an lae inniu a bhfuil an dá pháirtí ag saothrú pá / tuarastail iontu. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g. an costas maireachtála, tithíochta, cúram leanaí, oideachas níos fearr ar mhná, taitníonn an neamhspleáchas a bhaineann le tuilleamh le mná, níos mó oibre ar fáil rud a fhágann go bhfuil níos mó oibrithe ag teastáil, feabhas tagtha ar chúinsí oibre, uaireanta solúbtha, roinnt postanna, teile-oibriú etc.*

(ii) Pléigh an tionchar a bhíonn aige ar shaol an teaghlaigh an dá pháirtí sa teaghlach a bheith ag saothrú pá / tuarastail. Bíodh tagairt agat do **gach ceann** díobh seo a leanas: **(26)**

- dáileadh na ndualgas tuismitheoireachta
- dáileadh na bhfreagrachtaí chúram an bhaile
- coinbhleacht na ról.

***5 phointe – 1 @ 6 + 4 @ 5 mharc an ceann***

*(Aon tagairt amháin do gach ceann móide 2 cheann eile)*

- *Dualgais tuismitheora– an bheirt tuismitheoir ag plé le cúram leanaí de ghnáth anois rud a fhágann caidreamh níos dlúithe idir tuismitheoirí agus leanaí, foghlaimíonn siad go luath faoi chothromaíocht inscne nuair a fheictear tuismitheoirí mar eiseamláir róil, iad ag roinnt obair an tí etc.*

- *Roinntear freagrachtaí faoi chúram an tí ar bhaill teaghlaigh de ghnáth, déanann fir cócaireacht, húvaráil, coinníonn leanaí a seomraí féin go néata etc.*

- *Coinbhleacht róil – d'fhéadfadh nach dtabharfadh páirtí tacaíocht do mháthair/athair ag obair lasmuigh den bhaile, déanann tuismitheoirí a bhíonn ag obair iarracht teacht ar chothromaíocht idir fostaíocht íoctha, cúram leanaí agus an teach a choinneáil ag imeacht, d'fhéadfadh coinbhleacht a bheith ann nuair a bhíonn éilimh na hoibre iomarcach, airíonn máithreacha a bhíonn ag obair ciontach go minic e.g. nuair a bhíonn páiste tinn etc.*

(iii) Liostaigh agus mínigh **trí** thoisc a mbíonn tionchar acu ar shásamh a bhaint as post. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

*e.g. féiniúlacht phearsanta, féinmheas, teagmháil shóisialta, díríonn muinín agus mórtas cine ar fhéin-inspreagadh, airgead, cúinsí oibre, saoire, saoire mháithreachais, ionchais ardú céime etc.*

**agus**

**3.(b)** (i) **Tá mórathrú tagtha ar an oideachas dara leibhéal in Éirinn le blianta beaga anuas.**
Pléigh an ráiteas sin agus bíodh tagairt agat dóibh seo:
- an réimse clár a chuirtear ar fáil i scoileanna dara leibhéal
- áiseanna agus acmhainní a sholáthraítear i scoileanna
- dheiseanna do lucht fágála scoile. **(24)**

***6 phointe @ 4 mharc an ceann***
*(Tagairt amháin do gach ceann móide 3 cinn eile)*

- an réimse clár a chuirtear ar fáil

*An teastas sóisearach, an ardteistiméireacht, LCVP, LCA, an idirbhliain, etc. Cuireann PLCanna na scileanna (gairmiúla agus teicniúla) ar fáil do dhaoine óga a theastaíonn don fhostaíocht nó do bhreisoideachas etc.*

- áiseanna agus acmhainní a sholáthraítear i scoileanna

*e.g. hallaí PE lánmhéide, ríomhairí, scéim theagmhála baile/scoile, tacaíocht foghlama, cúntóirí ranga, leabharlanna, ceaintíní, iompar, ceachtanna snámha, ceachtanna tiomána, deiseanna fiontraíochta, taithí oibre etc.*

- deiseanna do lucht fágála scoile

*e.g. obair, oideachas tríú leibhéal, cúrsaí iar-ardteistiméireachta, Ógtheagmháil, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), ranganna oíche, litearthacht d'aosaigh, oiliúint de chuid FÁS, ar líne e.g. Coláiste Hibernia, Coláiste Bainistíochta Óstlainne na Sionna, Fáilte Ireland etc.*

(ii) Mínigh cad a thuigeann tú le hoideachas **'athdheise'**. **(6)**

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*e.g.ag dul ar ais go dtí an t-oideachas, ath-oiliúint chun feabhas a chur ar cháilíochtaí nó chun staidéar a dhéanamh ar réimsí áirithe suime, le coinneáil céim ar chéim leis na hathruithe teicneolaíochta/cúrsaí ríomhaireachta, ar fáil sna coláistí, sna hollscoileanna, sna hiarbhunscoileanna, d'fhéadfadh go mbeadh sé ar fáil trí chianfhoghlaim, féadfaidh daoine a fhágann an scoil go luath leas a bhaint as, cáilíocht d'fhorbairt ghairmiúil a fheabhsú, deiseanna ardaithe céime a fheabhsú, casadh le daoine etc.*

**nó**

**3.(c)** (i) Sainmhínigh *fóillíocht*. **(6)**

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

*e.g. an t-am iarmharach atá fágtha tar éis na gníomhaíochtaí riachtanacha a chur i gcrích, an t-am ar féidir leis an duine aonair a chaitheamh mar is mian leis/léi, an t-am atá ar fáil do dheiseanna sosa agus scíste etc*

(ii) Pléigh tábhacht gníomhaíochtaí fóillíochta i gcás déagóirí. Bíodh tagairt agat dóibh seo:
- forbairt fhisiceach
- forbairt shóisialta
- forbairt mhothúchánach. **(24)**

***4 phointe @ 6 mharc an ceann***
*(Tagairt amháin do gach ceann móide 2 cheann eile)*

- forbairt fhisiceach: *folláine, rialú meáchain, forbairt matáin, aer úr, cuireann an tsláinte chun cinn, forbairt scileanna nua, dúshláin fhisiceacha etc.*
- forbairt shóisialta: *ag casadh le daoine, spóirt foirne, turais don teaghlach uile, tionchar cultúrtha, infhaighteacht e .g. rugbaí, forbairt phiarghrúpa, cumasaíonn sé nascadh teaghlaigh etc.*
- forbairt mhothúchánach: *bealaí chun coinbhleacht sa teaghlach a shárú, bealach le déileáil le teip agus rath, féinmheas, muintearas, forbairt phearsanta, suaimhneas anama, cuidíonn sé chun déileáil le strus, folláine inchinne, ceadaíonn sé do dhaoine sos a ghlacadh agus scíth a ligea, etc.*

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

# SCRÚDÚ PRAITICIÚIL BIA – OBAIR CHÚRSA

# GNÁTHLEIBHÉAL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2008

# AISTRIÚCHÁN
# AR SCÉIM MHARCÁLA

## *EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA*

## SCRÚDÚ PRAITICIÚIL BIA – OBAIR CHÚRSA

# Critéir Mharcála Ghinearálta d'Obair Chúrsa Phraiticiúil ar Bhia

**(le léamh i gcomhar le Tascanna)**

## Fiosrúchán: Anailís/Taighde - 30 marc

***Taighde agus anailís*** **= 20**

***Banda A 16-20 marc (an-mhaith – ar fheabhas)***

*Fiosrúchán*

- *tá léiriú ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus na cúinsí a bhaineann le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé cruinn, tagann sé ó raon foinsí agus tá sé curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna cuí a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí*

***Banda B 11-15 marc (an-ábalta – go maith)***

*Fiosrúchán*

- *tá léiriú ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus* ***roinnt anailíse*** *ar na saincheisteanna agus na cúinsí a bhaineann le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé cruinn, tagann sé ó raon foinsí agus tá sé curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna cuí a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí*

***Banda C 6-10 marc (bunúsach – ábalta)***

*Fiosrúchán*

- *tá léiriú ann go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *tá sé réasúnta cruinn, tagann sé ó raon foinsí agus tá sé curtha i láthair go comhleanúnach*
- *baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí*

***Banda D 0-5 marc (an-bhunúsach – teoranta)***

*Fiosrúchán*

- *léiríonn sé* ***tuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *tá cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; tá easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *baineann sé úsáid as fianaise ó thaighde mar bhunús chun na roghanna a dhéanamh maidir le roghnú biachlár/mias/táirgí*

**Gach Tasc – 2 bhéile dhá chúrsa / 2 mhias / 2 tháirge - (2 x 2 mharc)** **= 4**

***Mura ndéantar fiosrúchán ar an mias a ullmhaítear -1 / -2 mharc san Fhiosrúchán .***

*(biachlár – cúrsa tosaigh/ milseog = 1 marc, príomhchúrsa = 1 marc.)*

*béilí /miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á thabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san Fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia***

**Fáthanna / critéir roghnaithe - (2 x 2 mharc)** **= 4**

*léiríonn go soiléir na critéir a chinntigh rogha na méise nó an táirge a roghnaíodh chun é a ullmhú,*

**Foinsí** *lena n-áirítear foinse an oidis* **- 2 x 1 mharc (2 mharc)** **= 2**

## Ullmhúchán agus Pleanáil – 6 mharc

- Acmhainní (comhábhair lena n-áirítear costáil, trealamh) **= 3**
  - *na príomh-chomhábhair, costas aonaid, an príomhthrealamh a úsáideadh ag brath ar an mias* (bíodh coinne le costas ar gach rud seachas AOP E)
- Dáileadh ama / Ord na hoibre **= 3**
  - Ullmhúchán, ord na dtascanna, measúnú

  *Banda A 3 mharc – gach príomhchéim aitheanta, an t-ord ceart*
  *Banda B 2 mharc – roinnt príomhchéimeanna aitheanta nó an t-ord mícheart*
  *Banda C 1 mharc – gan ach corr-phríomhchéim aitheanta agus an t-ord mícheart*

## Feidhmiú – 28 marc

- Cur síos gearr ar an modh oibre a bhí i gceist lena n-áirítear ullmhúchán, próisis leis an mbia a ullmhú, am cócaireachta /teocht, freastal /cur i láthair, níochán, blaiseadh/measúnú . **= 16**

  *(Ba chóir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)*

  ***Banda A 13 - 16 marc (an-mhaith – ar fheabhas)***
  *Aithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu*

  ***Banda B 9 -12 marc (an-ábalta– go maith)***
  *Aithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu*

  ***Banda C 5 - 8 marc (bunúsach – ábalta )***
  *Aithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu*

  ***Banda D 1-4 mharc (an-bhunúsach– teoranta)***
  *Ní aithnítear aon cheann nó ní aithnítear ach cúpla ceann de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas/ do na próisis ullmhúcháin bia chuí ar baineadh úsáid astu*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil shainiúil)
  **2 x 4 mharc an ceann** **= 8**
  *Aithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias*

- **Sábháilteacht /sláinteachas** **2 x 2 mharc** **= 4**
  (caithfidh baint a bheith acu le comhábhair shainiúla atá in úsáid/ leis an mias atá á cócaráil)
  *Aithint (1) agus míniú (1) ar shaincheist sábháilteachta **amháin** **agus** ar phríomh-shaincheist sláinteachais **amháin** a cuireadh san áireamh agus an mhias á hullmhú agus á cócaráil/ an tástáil á dhéanamh*

## Measúnú - 16 marc

Déan measúnú ar an tasc sna téarmaí seo:

- **Feidhmiú** **2 x 4 mharc an ceann** **= 8**
  ***Banda A - 4 mharc** –aithníodh agus rinneadh anailís ar laigí/ láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn soiléir faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/pleanáil*
  ***Banda B - 3 mharc** – aithníodh laigí/ láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn éigin faoi mhionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/pleanáil*
  ***Banda C - 2 mharc** – rinneadh iarracht éigin laigí **nó** láidreachtaí a aithint agus an tasc á thabhairt chun críche, níor cuireadh bonn faoi mhionathruithe, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil*

- **Sainriachtanais** an taisc **2 x 4 mharc an ceann** **= 8**
  ***Banda A - 4 mharc** – tagann ar thátail eolacha maidir le dhá phríomhriachtanas an taisc*
  ***Banda B - 3 mharc** – tagann ar thátail theoranta maidir le dhá phríomhriachtanas an taisc*
  ***Banda C - 2 mhac** – déanann achoimre ar dhá thoradh maidir leis an tasc*

**Réimse Cleachtais A – Cur i bhFeidhm na bPrionsabal Cothaithe**

**Tasc 1**

***Ba chóir breithniú ar leith a dhéanamh agus béilí do pháistí óga á bpleanáil.***
Déan taighde agus forbairt ar riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte pleanála do bhéile ar chóir breithniú a dhéanamh orthu agus béilí á bpleanáil do pháistí atá idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois.
Agus aird á thabhairt ar an mbreithniú seo, mol biachlár **d'aon** lá amháin (trí bhéile agus snaiceanna) a bheadh oiriúnach do theaghlach a raibh páistí san aoisghrúpa sin acu.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.
Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú agus **(b)** sainriachtanais an taisc.

**Príomhriachtanais an taisc**
- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha le tagairt ar leith do* ***pháistí idir dhá bhliain agus cúig bliana d'aois***
- *treoirlínte ábhartha do phleanáil béile*

**Fiosrúchán**
**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha** – *cothromaíocht chothaitheach, méadaíonn fás fisiciúil an gá atá le hiontógáil gach cothaitheach, riachtanais laethúla mhacra /micreachothaitheach lena n-áirítear riachtanais phróitéin / carbaihiodráite / saille / iarainn / cailciam mar is cuí do pháistí 2 – 5 bliana d'aois agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le héagsúlachtaí, snáithín ard, Vitimín C/ ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, cothromaíocht fuinnimh vis à vis leibhéil ghníomhaíochta, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaithigh agus bia etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí –** *úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú, trí bhéile chothromaithe a ithe gach lá, seachain dul thar béilí, éagsúlacht bianna, an rud is maith le duine agus an rud nach maith leis, saincheisteanna acmhainne, bianna ina séasúr féin a úsáid, seachain bianna snaice, bianna a bhfuil a lán salainn, saill sháithithe agus siúcra iontu, bíodh leite/muesli san áireamh in áit gránach próiseáilte bricfeasta, déan béilí a bheidh oiriúnach do gach duine den teaghlach a phleanáil, ba chóir go mbeadh béilí tarraingteach agus ildaite, seachain bianna spíosraithe, ba chóir go mbeadh bianna éasca le cogaint agus le díleá, úsáid anlann le feoil a bhogadh, déan leacht de ghlasraí le feoil & anlainn, ní chóir go mbeadh codanna rómhór, roghnaigh bianna atá éasca a láimhseáil etc.*

**Miasa a roghnaíodh – biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile agus sneaic)**
**- caithfidh siad teacht le riachtanais chothaitheacha pháistí 2-5 bliana d'aois**
**- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

**Measúnú (**riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaitheacha mias/béilí do pháistí 2-5 bliana d'aois..*
*Treoirlínte do phleanáil béilí – raon bianna /mias atá oiriúnach do pháistí 2-5 bliana d'aois etc., an chaoi a dtagann an mhias a roghnaíodh leis na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán etc.*

**Tasc 2**

***Tá fás scanrúil tagtha ar leitheadúlacht mhurtaill (obesity) le scór bliain anuas. Tá thart ar 39% d'aosaigh na hÉireann róthrom agus tá 18% díobh murtallach. "Eipidéim dhomhanda" a thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte air.***
Agus tagairt á dhéanamh don ráiteas sin, déan taighde agus forbairt ar **(i)** na cúiseanna a bhaineann leis agus **(ii)** na himpleachtaí sláinte a d'fheadfadh a bheith ann d'aosaigh atá róthrom nó murtallach.
Déan fiosrúchán agus forbairt ar na riachtanais chothaitheacha agus na cúinsí ba chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'aosaigh ar mian leo an meáchan a laghdú.
Agus aird á thabhairt ar na cúinsí a aithníodh i do chuid taighde, mol biachlár (trí bhéile) **d'aon** lá amháin don ghrúpa seo.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar an príomhchúrsa de phríomhbhéile an lae.
Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú agus **(b)** riachtanais shainiúla an taisc.

**Príomhriachtanais an taisc**
- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha agus tagairt ar leith d'aosaigh atá* ***róthrom nó murtallach***
- *an t-údar atá le murtall*
- *na himpleachtaí sláinte d'aosaigh atá róthrom nó murtallach*
- *treoirlínte pleanála cuí do bhéilí*

**Fiosrúchán**
***Riachtanais chothaithe /chothaitheacha*** *– cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra /micreachothaitheach lena n-áirítear riachtanais phróitéine / carbaihiodráite / saille / iarainn / cailciam mar is cuí, snáithín ard, Vitimín C/ ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaithigh agus bia etc, úsáid táirgí 'aiste bia' etc.*
***Údair mhurtaill –*** *easpa aclaíochta, nósanna maireachtála gnóthacha, iontógáil fuinnimh níos mó ná caiteachas fuinnimh, srianadh lag ar an ngoile, réim mearbhia atá ard ó thaobh saille agus siúcra, cúiseanna géiniteacha, hormónacha, síceolaíochta etc.*
***Impleachtaí sláinte*** *–Galar Corónach Croí (CHD), brú fola ard, colaistéaról ard, stróc, diaibéiteas, pian droma, féitheacha borrtha, oisté-airtríteas, deacrachtaí anála, laghdú ar ionchas saoil, lagmheas ag duine air féin, etc.*
***Treoirlínte pleanála do bhéilí –*** *úsáid na pirimide bia chun cothromaíocht a chinntiú, cruthaigh an patrún trí bhéile atá cothromaithe go maith a ithe gach lá ag tosú le béile cothromaithe don bhricfeasta, ith raon leathan torthaí agus glasraí, gearr siar ar/seachain bianna próiseáilte, bianna snaice agus bianna cileacalraí folmha, roghnaigh táirgí beagmhéathrais/ar bheagán calraí, seachain bianna carbaihiodráite mínphróiseáilte agus cuir táirgí caiscín ina n-áit, roghnaigh a bhfuil GI íseal acu, roghnaigh circeoil, iasc bán agus feoil thrua, bain an tsaill den fheoil, seachain bianna a bhfuil saillteacha folaithe iontu, i.e. cácaí, brioscaí agus cístí milse agus cuir torthaí agus glasraí ina n-áit, athraigh nósanna cócaireachta, i.e. gríosc, beirigh, bácáil nó galbhruithigh bianna, ól neart uisce agus súnna torthaí nádúrtha in áit deochanna súilíneacha etc.*

**Miasa a roghnaíodh – biachlár d'aon lá amháin (trí bhéile)**
- **ba chóir teacht leis na riachtanais chothaitheacha mar atá aitheanta le meáchan a laghdú**
- **caithfidh sé a bheith ina príomhchúrsa**

**Measúnú** (riachtanais shainiúla an taisc)
*Anailís ar na tátail maidir lena bhfuil foghlamtha agat ón bhfiosrúchán maidir le bainistiú aiste bia d'aosaigh atá róthrom nó murtallach, cúinsí ba chóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil d'aosaigh chun meáchan sláintiúil a choinneáil agus chun leordhóthain cothaitheach a chinntiú, cad iad na bianna atá oiriúnach/mí-oiriúnach, cad iad na gnéithe ar leith de phleanáil bhéilí a chaithfear a chur san áireamh, cén chaoi a dtagann an mhias roghnaithe leis na riachtanais atá aitheanta sa bhfiosrúchán etc.*

**Réimse Cleachtais B – Ullmhúchán Bia agus Próisis Chócaireachta**

**Tasc 3**

***Tá cuid mhór tomhaltóirí tar éis wok nó galchorcán a chur lena raon trealaimh sa chistin.***
Roghnaigh wok **nó** galchorcán agus déan taighde ar
- na cineálacha éagsúla atá ar fáil
- an úsáid atá le baint as i.e. miasa/bianna, lena n-áirítear miasa príomhchúrsa is féidir a chócaráil agus úsáid á baint as an bpíosa trealaimh seo
- na cúiseanna a bhfuil móréileamh air
- na príomhphointí riachtanacha le húsáid rathúil an trealaimh.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar **aon cheann amháin** de na príomhchúrsaí a bhfuil fiosrú déanta agat orthu agus tú ag baint an leasa is fearr as an bpíosa trealaimh atá roghnaithe.
Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú, **(b)** na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid an phíosa seo trealaimh.

**Príomhriachtanais an taisc**
- *taighde ar na cineálacha éagsúla wok nó galchorcán atá ar fáil*
- *samplaí de bhianna/miasa, lena n-áirítear príomhchúrsaí, is féidir a chócaráil agus wok/galchorcán in úsáid*
- *na cúiseanna leis an móréileamh air*
- *na príomhphointí atá riachtanach leis an trealamh a úsáid go rathúil*

**Fiosrúchán**
- **Na cineálacha wok nó galchorcán**

**Wok – leictreach/ saorsheasamh:** ***boinn*** *–tóinchruinn, réthónach etc.,* ***ábhair*** *– cruach charbóin, cruach dhosmálta, copar, neamhghreamaitheach clúdaithe le Teflon, alúmanam etc.,* ***hanlaí – lámha*** *fada adhmaid / miotail, dhá chluas adhmaid/mhiotail ar an taobh etc.,* ***brandaí*** *– Jamie Oliver, All Clad, Le Creuset etc.*
**Galchorcán - leictreach/neamhleictreach/ ar bharr cuntair:** *galchorcán srathach caighdeánach bunaidh, bambú srathach, galchorcán micreathoinne, oigheann galchorcáin etc.,* ***ábhair –*** *cruach dhosmálta, alúmanam, clúdaigh ghloine, plaisteach crua, hanlaí friteasa, coimeádáin phollta ghloine, ciseáin alúmanaim etc.,* ***brandaí*** *– Morphy Richards, All Clad etc.*
- **Úsáidí wok nó galchorcán**

**Wok –** *suaithfhriochadh, friochadh domhain, galú, stobhadh, galstobhadh etc.*
**Galchorcán –** *bianna a ghalú*
- **Bianna/miasa is féidir a chócaráil agus úsáid á baint as as wok nó as galchorcán**

**Wok –** *sicín/mairteoil/glasraí suaithfhriochta, núdail, ris, chow mien, rollóga earraigh, friochtóga torthaí, muiceoil mhilis shearbh etc.*
**Galchorcán –** *iasc, sicín, rís, uibheacha, glasraí agus milseoga e.g. rollóga galaithe leathóige, prátaí galaithe, brocailí galaithe, maróg thaifí ghreamaitheach, maróg mharmaláide, custard caramail, maróg ríse ghalaithe etc.*
- **Na cúiseanna leis an móréileamh**

**Wok –** *luas na cócaireachta, tíosach – úsáideann sé níos lú breosla, béile iomlán cócaráilte in aon fhearas amháin, ilúsáideach, coinníonn bianna a luach cothaitheach agus a mblas, áisiúlacht, miasa cócaráilte íseal ó thaobh saille, tionchar eitneach etc.*
**Galchorcán –** *modh sláintiúil le bia a chócaráil mar nach n-úsáidtear aon saill – go maith d'aistí bia beagmhéathrais, coinnítear luach cothaitheach, blas agus dath na mbianna, tíosach, gan ach beagán níocháin, is féidir raon leathan bianna a ghalú, is féidir a úsáid le bia a atéamh, gearrann sé siar ar chostais fuinnimh, is féidir tréimhse ama bianna a thomhas agus iad a fhágáil gan aon duine ina bhfeighil etc.*
- **Príomhphointí d'úsáid rathúil wok nó ghalchorcáin**

**Wok –** *blaistigh an wok, déan é a réamhthéamh, cócaráil bianna ag an teocht cheart, úsáid ola d'ardchaighdeán, úsáid píosaí bia ar aon mhéid, déan bia a chócaráil i mbaisceanna etc.*
**Galchorcán –** *tomhas cruinn ama, cinntigh go bhfuil bianna curtha sa ghalchorcán de réir tiúis, na cuir an iomarca isteach sa ghalchorcán, cinntigh go bhfuil na claibíní in oiriúint etc.*

**Na miasa a roghnaítear – caithfidh siad a bheith ina bpríomhchúrsaí** *(wok/galchorcán a úsáid don phríomhphróiseas cócaireachta)*
***Measúnú*** (mar a shonraítear sa tasc)
*An rud a d'fhoghlaim tú ón tasc maidir le buntáistí agus/nó míbhuntáistí wok/galchorcán a úsáid, an chaoi a dtagann an mhias roghnaithe leis na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán etc.*

**Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia**
**Tasc 4**

> ***Tá an margadh do mhilseáin agus do sheacláidí lámhdhéanta tar éis leathnú amach go suntasach le blianta beaga anuas.***
> Déan taighde ar mhilseáin agus ar sheacláidí lámhdhéanta atá ar fáil ar bhonn tráchtála.
> Fiosraigh modhanna chun milseáin/seacláidí baile a dhéanamh.
> Déan forbairt ar mhodh **amháin** agus mínigh an prionsabal atá i gceist.
> Ó do chuid taighde ullmhaigh agus déan ceann **amháin** de na táirgí a bhfuil fiosrú déanta agat orthu. Bíodh mionsonraí san áireamh maidir leis an gcineál pacáistithe agus lipéadaithe a mholfá don chur i láthair.
> Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú, **(b)** a phraiticiúla atá sé milseáin/seacláidí a dhéanamh sa bhaile agus **(c)** an costas i gcomparáid le saghas tráchtála atá cosúil leo.

**Príomhriachtanais an taisc**
- *déan taighde ar mhilseáin/sheacláidí lámhdhéanta atá ar fáil ar bhonn tráchtála*
- *fiosraigh modhanna le milseáin/seacláidí baile a dhéanamh*
- *modh agus prionsabal bunúsach modha amháin*
- *pacáistiú agus lipéadú a bheadh oiriúnach do chur i láthair*

**Fiosrú**
***Déan taighde ar mhilseáin/sheacláidí baile atá ar fáil ar bhonn tráchtála***
**Brandaí:** ***Seacláidí:*** *Butlers, Lily O'Brien, Lir, Leonidas etc.* ***Milseáin:*** *Bóthar na Trá Móire (bruite), Linehans, O'Connells, Lemons, Baile Átha Luain, Turkish Delight etc.*
**Cineálacha:** ***Seacláidí:*** *strufail, seacláid líonta etc.* ***Milseáin:*** *taifí, prásóg, milseáin mhiontais uachtair, faoiste, milseáin fondant uachtair, milseáin bhruite etc.*
**Féadfar a áireamh sa taighde *sainmhínithe ar 'lámhdhéanta', 'seacláid', 'milseáin', costas, cainníocht / an meáchan a díoladh (in aghaidh an bhosca/mála), pacáistiú, lipéadú, seilfré, infhaighteacht, an cineál seacláide a úsáideadh –*** *orgánach, saorthrádáil, seacláid chócaireachta,* ***déantús na seacláide –*** *pónaire cócó, faghairt etc.*

**Modhanna le milseáin /seacláidí baile a dhéanamh**
**Síoróip –** ***milseáin bhruite:*** *leáitear siúcra in uisce, fiuchtar é go 100°C, galaíonn an t-uisce de réir mar a ardaíonn an teas, éiríonn an tsíoróip níos tibhe agus níos dorcha, úsáidtear teirmiméadar siúcra le tástáil a dhéanamh, cuirtear blaistiú léi etc.*
**Caramalú:** ***Caramal /Taifí / Faoiste*** *– tugann teas tais ar shiúcra leá, cuireann tuilleadh téimh síoróip ar fáil, má théitear é idir 120°C – 130°C tairgtear* ***caramal (liathróid chrua)****, tagann cuma dhonn órga uirthi nuair a shroicheann sí 160°C – 162°C , nuair a scaoiltear síoróip isteach in uisce fuar déantar liathróid di atá sách crua lena cruth a choinneáil, í fós somhúnlaithe etc. Tairgtear* ***Taifí (bog/crua scoilte)*** *nuair a théitear síoróip go 132°C – 143°C (scoilt bhog) , ní chorraítear an meascán le criostalúchán a sheachaint, nuair a scaoiltear síoróip isteach in uisce fuar, scarann sí ina snáitheanna crua nach bhfuil sobhriste, 149°C – 154°C( scoilt chrua), nuair a scaoiltear isteach in uisce fuar í déantar snáitheanna sobhriste crua de shíoróip etc.*
**Prásóg:** ***bruite –****tugtar síoróip, siúcra agus uisce go dtí an fiuchphointe, cuirtear gealtartar leis, téitear go 116°C (liathróid bhog), baintear den teas é agus corraítear é go ndéantar 'gránaí' den tsíoróip etc.*
***amh –*** *siúcra reoáin/mionaithe measctha le halmóinn mheilte agus déantar taos righin de le buíocán agus sú líomóidí, fuinte etc.*
**Greadadh:** ***Strufail*** *–uachtar a théamh agus uachtar le píosaí seacláide leáite/dlúth a ghreadadh, im/órshúlach, cuisnigh go mbeidh sé fabhraithe, múnlú etc e.g. strufail phrailín, strufail seacláide rum, strufail mhoca etc.*
**Fondant:** *leáitear siúcra in uisce, déantar é a fhiuchadh 100°C, ardaíonn an teocht agus galaíonn an t-uisce, ramhraíonn an tsíoróip, foirmíonn liathróidí boga ag 116°C – 118°C, foirmítear liathróid bhog nuair a scaoiltear beagán den tsíoróip isteach in uisce an-fhuar etc. e.g. uachtar miontais*
**Faoiste:** *leáitear siúcra le im i mbainne/in uachtar galaithe, cuirtear blaistiú leis, téitear go 116°C – 118°C (liathróid bhog) gan é a chorraí, buailtear é go dtagann uigeacht chúrach air, caramalaíonn agus éiríonn donn etc. e.g. faoiste fanaile, faoiste seacláide etc.*
***Seacláidí:*** *uachtar agus blaistiú a théamh, cuirtear seacláid leo agus ligtear di leá, fuaraítear, greadtar, píobtar é etc.*
***Turkish Delight:*** *síoróip uisce agus siúcra, ramhraítear le geilitín, cuirtear blaistiú leis etc.*
***Criathrú, Cuimsiú, Cumhdach etc.***
**Ba chóir go mbeadh mionsonraí an phrionsabail bhunúsaigh a bhaineann le ceann de na modhanna a roghnaítear san áireamh.**

***Pacáistiú agus lipéadú oiriúnach do mhilseáin agus do sheacláidí lámhdhéanta*** *e.g. cásanna milseán, boscaí cairtchláir, stáin aerdhíonacha, crúscaí gloine, málaí féirín, páipéar gréiscdhíonach, lipéid mhaisiúla nó ghreamaitheacha le hainm an táirge/ na comhábhair orthu etc.* ***Mura luaitear pacáistiú nó lipéadú – 3 mharc***

**Miasa a roghnaíodh – Milseáin/Seacláidí.**
**Measúnú (**mar a shonraítear sa tasc) - *A phraiticiúla atá sé milseáin/seacláidí a dhéanamh sa bhaile – saincheisteanna acmhainní – cúrsaí ama, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil etc.*
*Comparáid den chostas idir táirge tráchtála agus baile etc.*

**Réimse Cleachtais D – Miasa a léiríonn Airíonna Bia**

**Tasc 5**

| |
|---|
| ***Úsáidtear caramalú agus téachtadh in ullmhú bia chun cur le hairíonna na méise/an táirge deiridh.***<br>Tabhair sainmhíniú ar charamalú **nó** ar théachtadh.<br>Déan fiosrú agus forbairt ar chur i bhfheidhm an charamalaithe nó an téachta agus raon mias á ndéanamh, agus mínigh an prionsabal atá i gceist.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann de na miasa atá fiosraithe agat.<br>Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú **(b)** cé chomh rathúil agus a bhí cur i bhfeidhm prionsabal an charamalaithe/téachta i ndéanamh na méise roghnaithe. |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *Sainmhínigh caramalú nó téachtadh*
- *cur i bhfeidhm phrionsabal eolaíoch an charamalaithe nó an téachta i ndéanamh raon mias*
- *raon mias ina n-úsáidtear caramalú nó téachtadh*

**Caramalú:** *nuair a théitear siúcra leis féin nó i síoróip thiubhaithe, foirmíonn caramal etc.*
**Téachtadh:** *nuair a chruann nó a stalcann bia próitéine etc.*

### Prionsabal eolaíoch an Charamalaithe

*Cineál donnúcháin neamh-einsímeach a tharlaíonn nuair a théitear siúcra leis féin nó i síoróip thiubhaithe, leánn an siúcra agus ansin tairgeann raon de shubstaintí donna ar a dtugtar caramal, caramalaíonn siúcrós ag 170°C-177°C , athraíonn an dath ó bhuí éadrom go donn dorcha, is éasca a tharlaíonn caramalú nuair nach mbíonn aon uisce i gceist (crème brulée), tarlóidh caramalú má théitear tuaslagáin siúcra (síoróipí) láidir go leor, tarlaíonn deich n-athrú chéimseacha ar shiúcra idir an leá agus an caramalú, an chéad chéim ag 104°C, tarlaíonn caramalú ag 170°C -177°C, cuireann sé dath níos dorcha ar fáil, boladh taitneamhach, blas beagán searbh, cuirfidh an iomarca teasa caramal searbh an-dorcha ar fáil, má róthéitear caramal déanfar carbón de sa deireadh etc.*

### Raon Mias–

***Caramalú:*** *crème caramel, crème brulée, pióg banoffi, cearnóga caramail, oinniúin charamalaithe etc.*

### Prionsabal eolaíoch an Téachta

**Téachtadh:** ***Teas –*** *cruachan nó stalcadh bia próitéine, téachtann próitéiní nuair a théitear iad, téachtann gealacán uibhe idir 60°C agus 65°C agus éiríonn sé teimhneach dlúth, téachtann buíocán idir 65°C agus 70°C, tugann sé ar shlabhra próitéine roiseadh, díriú, agus teacht le chéile thart ar phócaí beaga uisce, uibheacha a buaileadh go maith leis an ngealacán agus an mbuíocán a chomhdhlúthú sa chaoi nach stalcann ceann amháin níos túisce ná an ceann eile etc*
***Teas tais –*** *i.e. athraíonn fiuchadh agus stobhadh collaigin ina geilitín, rud a bhogann feoil righin etc.*
***Teas tirim –*** *i.e. fágann róstadh agus gríoscadh go dtarlaíonn crapadh, righniú fíochán matáin, caillteanas taise ann, rud a fhágann an uigeacht tirim etc.*
***Gníomh Meicniúil –*** *bualadh gealacán is cúis le téachtadh neamhiomlán próitéine, scarann slabhraí próitéine agus filleann thart ar shúilíní aeir, rud a sháinníonn aer agus foirmítear cúr dá bharr etc.*

### Raon mias –

***Téachtadh:*** *custard uibheacha, Quiche Lorraine, meireangaí, cúróga (soufflé), pióg mheireang líomóide, maróg ime agus aráin, uibheagáin etc.*

**Na miasa a roghnaítear – caithfidh mias a bheith ann ina n-úsáidtear caramalú nó téachtadh.**

**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc)
*Cé chomh rathúil agus a bhí cur i bhfeidhm prionsabal an charamalaithe/téachta in ullmhú/cócaireacht na mias roghnaithe.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach lena n-áirítear Anailís Chéadfach**

**Tasc 6**

> ***Iarradh ar an rang Eacnamaíocht Bhaile sneaic shláintiúil a dhearadh agus a chur ar fáil (e.g. briosca / barra) le díol i gceaintín na scoile. Ba chóir go mbeadh an táirge seo tarraingteach do dhéagóirí.***
> Déan taighde ar **thrí** tháirge éagsúla a bheadh ag teacht leis na treoracha thuas agus déan cur síos ar gach ceann acu.
> Ba chóir do do ghrúpa táirge **amháin** a roghnú lena fhorbairt agus tabhair na fáthanna a bhí le rogha an ghrúpa. Cuir sonraíochtaí an táirge ar fáil a léiríonn cén chuma agus cén blas ba chóir a bheith ar an táirge. (Úsáid 6 airí).
> Déan an táirge. Déan **tástáil rátála thuairisciúil** ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráidí réalta. (Úsáid na 6 airí chéanna a úsáideadh thuas). Tiomsaigh próifíl chéadfach den táirge a rinneadh. Déan measúnú ar an tasc maidir le **(a)** feidhmiú agus **(b)** mionathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun freastal ar shonraíocht an táirge.

**Príomhriachtanais an taisc**

- *déan taighde agus fiosraigh* ***trí shneaic shláintiúla éagsúla (e.g. briosca / barra )*** *le díol i gceaintín na scoile*
- *na fáthanna ar roghnaíodh an táirge*
- *sonraíocht an táirge ag léiriú cén chuma agus cén blas ba chóir a bheith ar an táirge (6 airí)*
- *tástáil rátála thuairisciúil agus scálaí líne nó léaráidí réalta in úsáid*
- *na coinníollacha atá le rialú le linn na tástála*

**Fiosrúchán**

- **Taighde / Fiosrúchán táirgí atá oiriúnach don tástáil**

*i.e. fiosraigh agus déan cur síos ar thrí shneaic shláintiúla éagsúla (e.g. briosca/barra) cineálacha, blasanna, comhábhair etc.* **= 20**

- **Tástáil rátála thuairisciúil** ag baint úsáid as ***scálaí líne*** *nó* ***léaráidí réalta***

***Cur síos:*** *socraigh 6 airí le rátáil a dhéanamh ar an tsneaic (molann an rang airíonna agus tagann ar chomhaontú maidir leo). Déan an tsneaic a rátáil ar na hairíonna roghnaithe ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráid réalta, cuir próifíl chéadfach le chéile don tsneaic etc.*
***Cuspóir:*** *próifíl chéadfach ar an tsneaic a rinneadh a chur le chéile etc.*
***Torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann:*** *cur síos a bheith ann ar airíonna don tsneaic i.e. próifíl Chéadfach.*

- **Aithint na gcoinníollacha atá le rialú le linn na tástála**

*Coinníollacha a bhaineann go sainiúil leis an tasc e.g., méid, cruth agus dath na ngabhdán a úsáideadh don tástáil, cainníochtaí comhchosúla i ngach sampla, sláinteachas, tomhas ama, coinníollacha cothaithe, tuiscint ar bhrí gach airí etc.*

- **An mhias roghnaithe agus critéir roghnaithe (ainm =4mharc; 2 chúis @ 2 mharc)** **= 4**

*Roghnaigh cineál amháin sneaice agus tabhair 2 chúis leis an rogha.* **= 4**

**Foinsí – *2 x 1 mharc*** **= 2**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní** **= 3**
  **An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

**An tástáil rátála thuairisciúil –** tráidire, gloine uisce, sneaic, scórchártaí, bileoga taifid, peann etc.

- **Dáileadh ama / Ord na hoibre** **= 3**

***Seicheamh tascanna laistigh den dáileadh ama cuí, breac-chuntas ar na príomhchéimeanna atá le tabhairt i.e.***
*Ullmhaigh agus cócaráil (más cuí) an tsneaic.*

***Tástáil rátála thuairisciúil:*** *tiomsaigh sonraíocht táirge, aontaigh focail thuairisciúla agus aontaigh airíonna, an scórchárta agus an bhileog thaifid a lipéadú, lean na treoracha ar na scórchártaí, leag amach tráidirí, déan tástáil rátála thuairisciúil ag baint úsáid as scálaí líne nó léaráidí réalta, tiomsaigh próifílí chéadfacha bunaithe ar thorthaí an ghrúpa, cuir slacht ar an áit agus déan níochán, déan measúnú ar thorthaí etc.*

**Feidhmiú = 16**

**An modh oibre a chleachtar agus an ghné seo den tasc á dhéanamh**

***Ba chóir seicheamh iomlán an fheidhmithe a thabhairt agus ba chóir torthaí na tástála a chur i láthair mar seo a leanas:***

***Tástáil rátála thuairisciúil (táirge amháin) ag baint úsáid as léaráid réalta***

*Ullmhaigh agus (más cuí) cócaráil an tsneaic*

*Tiomsaigh sonraíocht an táirge, aontaigh focail thuairisciúla agus aontaigh airíonna, an scórchárta agus an bhileog thaifid a lipéadú leis na hairíonna aontaithe, lean na treoracha ar an scórchárta, cuir sampla den bhia ar fáil, leag amach tráidirí, blaiseann blastóirí airíonna rátála bia ó 0 – 5 ag baint úsáid as an léaráid réalta don sampla bia, comhlánaigh léaráid réalta aonair, bailigh na cártaí agus aistrigh torthaí gach blastóra sa ghrúpa go dtí bileog thaifid, áirigh meánscóranna do gach airí, aistrigh na torthaí go dtí léaráid réalta an ghrúpa (is féidir ceann a tharraingt nó ceann a ghearradh ón scórchárta a úsáideadh agus é a ghreamú léi),*

***Tiomsaigh próifíl chéadfach*** *don tsneaic, cuir na torthaí i láthair, cuir slacht ar an áit agus déan níochán etc.*

***Scálaí líne á n-úsáid:***

*Aontaigh focail thuairisciúla agus aontaigh airíonna, scórchártaí agus na bileoga taifid a lipéadú leis na hairíonna aontaithe, cuir amach sampla den bhia, leag amach tráidirí, agus 6 scála líne á n-úsáid, ceann do gach airí, déan rátáil ar airíonna óna 0 – 5 ag úsáid líne chothrománach le rátáil íseal ar thaobh na láimhe clé den líne agus ardrátáil ar thaobh na láimhe deise den líne, aistrigh torthaí gach tástálaí sa ghrúpa ar bhileog thaifid, áirigh meánscóranna do gach airí,* ***tiomsaigh próifíl chéadfach*** *don tsneaic, cuir slacht ar an áit agus déan níochán etc.*

- **Príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann) = 8**

*Ar na príomhchúinsí ar féidir a chur san áireamh chun go mbeidh an tasc seo rathúil áirítear – na coinníollacha a rialaíodh le linn na tástála - códú, an rogha sneaic, chomh maith agus a rinneadh iad, comhionannas na samplaí don tástáil, méideanna leordhóthanacha, gloine uisce/nó craicear tirim leis an gcarball a ghlanadh, tábhacht an chiúnais le linn tástála, baineann na samplaí a úsáidtear leis an mbaisc chéanna, úsáid focal cuí (airíonna) a bhfuil gach mac léinn eolach orthu etc.*

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (dhá phointe sábháilteachta/sláinteachais x 2 mharc an ceann) = 4**

***Sábháilteacht****: tástálaithe a bhfuil ailléirgí acu e.g. cnónna, aistí bia speisialta – céiliach, cúram agus samplaí á ngearradh etc. Dea-chleachtas* ***sláinteachais*** *maidir le: láthair an ullmhúcháin agus láthair na tástála, láimhseáil samplaí –lámhainní plaisteacha in úsáid / gloiní aon uaire etc.*

## Measúnú

- **Feidhmiú (2 phointe x 4 mharc an ceann) = 8**

*Measúnú ar éifeachtacht an tseichimh oibre*
*Saincheisteanna sábháilteachta agus sláinteachais á mbreithniú*
*Na fadhbanna a d'eascair agus na réitigh a moladh*

- **Sainriachtanais an taisc (1 phointe x 8 marc) = 8**

*Na* ***mionathruithe*** *a d'fhéadfaí a dhéanamh chun freastal ar an tsonraíocht a theastaíonn don táirge etc.*

**Banda A = 8 marc**
**Banda B = 6 mharc**
**Banda C = 4 mharc**

## *Aguisín*

### *Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna.*

1. Riachtanais scrúdaithe:
Ní mór d'iarrthóirí taifead de **chúig** thasc a chríochnú agus a chur i láthair le haghaidh scrúdaithe.
Maidir le **Réimsí Cleachtais,** ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chríochnú
Réimse A – Tasc **amháin**
Réimse B – Tasc **amháin**
Réimse C - Tasc **amháin**
Réimse D - Tasc **amháin**
Tasc **amháin** eile ó Réimse A <u>nó</u> ó Réimse E .
**Má chríochnaíonn iarrthóir cúig thasc ach mura gcomhlíonann sé riachtanais an scrúdaithe** mar atá leagtha amach thuas, marcálfaidh an scrúdaitheoir na cúig thasc mar a chuirtear i láthair iad agus dícheadóidh na marcanna a bronnadh ar an tasc leis an marc is ísle as Réimse A <u>**nó**</u> E.

2. Caithfidh gach tasc Staidéar Bia gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a chur san áireamh.
**Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc,** marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh na marcanna a bronnadh ar an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta leis an marc is ísle.

3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus / nó an t-ullmhú agus an phleanáil agus/nó gnéithe measúnaithe an taisc ach mura gcríochnaíonn sé an feidhmiú,** marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Ach dícheadófar marcanna do **mheasúnú an fheidhmithe,** áit a dtugtar faoi.
Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6 dícheadófar **measúnú sainriachtanas** freisin.

4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó ab feidhmiú agus/ nó measúnú an taisc, ach mura dtugann sé an fiosrúchán chun críche,** marcálfaidh an scrúdaitheoir gnéithe críochnaithe an taisc mar a chuirtear i láthair iad. Ach dícheadófar marcanna do **mheasúnú sainriachtanais an taisc,** áit a dtugtar faoi.

5. **Mura sainaithnítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,** ach má chomhlíontar riachtanais an taisc, bain na marcanna cuí a bronnadh (-1/-2) faoi bhéilí/miasa/ táirgí san fhiosrúchán.

6 **Níl obair thaispeána an Mhúinteora inghlactha,** mar sin ní bhronnfar aon mharcanna ar fheidhmiú agus ar mheasúnú an fheidhmithe.

7. **Mura bhfuil an mhias** a roghnaíodh **ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais e.g.
   - Mias amh roghnaithe áit a sonraítear mias chócaráilte
   - I gcás go dteastaíonn sé, gan mionathrú déanta ar mhias chun teacht le riachtanais taisc e.g. Tasc 2
   - Ní léiríonn an mhias a roghnaíodh ach cúpla scil phróiseála e.g. Tasc 4
   - Áirítear ró-úsáid bianna áise sa mhias a roghnaíodh
   - Mias roghnaithe nach bhfuil an prionsabal ann riachtanach do rathúlacht na méise mar a shonraítear sa tasc

   Bain – 10 marc ón marc iomlán a bronnadh ar an tasc.

8. I gcás méise **nach dtagann le riachtanais an taisc** e.g. mias milseoige ullmhaithe in áit phríomhchúrsa, níl aon mharc le bronnadh.

9. Sna Tascanna 1, 2 agus 3 nuair nach bhfuil príomhchúrsaí cothromaithe nó nuair atá siad neamhiomlán – bain - 5 mharc as. (Comhábhair -1 mharc: Feidhmiú – 4 mharc)

10 I gcás go ndícheadaíonn múinteoir feidhmiú praiticiúil, ní cheadaítear aon mharc do **Fheidhmiú** agus do **Mheasúnú an Fheidhmithe.** Féadfar gach réimse eile a mharcáil.